**IARSCRÍBHINN**

**Dearbhú ón gComhairle le cur isteach i miontuairiscí na Comhairle**
**(tráth na leasuithe d'Ionstraim 1976 a ghlacadh)**

---

*Ceapann an Chomhairle gur chóir forálacha na hIonstraime seo a athbhreithniú roimh na dara toghcháin do Pharlaimint na hEorpa arna seoladh tar éis na leasuithe d'Ionstraim 1976 is ábhar don Chinneadh seo a theacht i bhfeidhm.*

**<u>Dearbhú ón Ríocht Aontaithe le cur isteach sna miontuairiscí</u>**

Ag meabhrú di Airteagal 6(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach a deir:

*"Urramóidh an tAontas, mar phrionsabail ghinearálta dhlí an Chomhphobail, na cearta bunúsacha mar atá siad áirithithe ag an gCoinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint arna shíniú sa Róimh ar an 4 Samhain 1950 agus mar a thig siad as na traidisiúin bhunreachtúla is coiteann do na Ballstáit ",*

áiritheoidh an RA go ndéantar na hathruithe is gá chun gur féidir le toghlacht Ghiobráltar vótáil sna toghcháin do Pharlaimint na hEorpa mar chuid de thoghlacht i dtoghlach RA láithreach agus faoi na coinníollacha céanna léi d'fhonn an oibleagáid atá ar an RA breithiúnas An Chúirt Eorpach um Chearta an Duine sa chás Matthews vs. UK a chomhall, i gcomhréir le dlí an EA.

**<u>Dearbhú ón gComhairle/Coimisiún le cur isteach i miontuairiscí na Comhairle</u>**

Tugann an Chomhairle agus an Coimisiún dá n-aire an dearbhú arna dhéanamh ag an RA á rá, d'fhonn an oibleagáid atá ar an RA breithiúnas An Chúirt Eorpach um Chearta an Duine sa chás Matthews vs. UK a chomhall, go n-áiritheoidh an RA go ndéantar na hathruithe is gá chun gur féidir le toghlacht Ghiobráltar vótáil sna toghcháin do Pharlaimint na hEorpa mar chuid de thoghlacht i dtoghlach RA láithreach agus faoi na coinníollacha céanna léi, i gcomhréir le dlí an EA.